
Anseo is Ansiúd

BOOK 3
LESSON 8



## An Rothar a fuair Nóra

Tamall ó shin fuair Nóra rothar óna hathair dá breithlá. Bhí eagla uirthi nuair a shuigh sí ar an **diallait** don chéad uair. Cheap sí **go dtitfeadh** sí. Ach ansin chuir sí a cosa ar na **troitheáin,** rug sí **greim** maith ar na **cluasa** agus as go brách léi.

Lá amháin bhí sí ag **rothaíocht** faoin tuath nuair a **polladh roth** amháin. Dheisigh Daidí an roth di an tráthnóna céanna. D'iompaigh sé an rothar **bunoscionn** ar na cluasa agus ar an diallait. Bhain sé an **bonn** den roth agus thóg sé amach an **tiúb.** Sháigh sé an tiúb isteach i mbáisín uisce. Nuair a chonaic sé **bolgáin aeir** ag éirí **d'aimsigh** sé an poll beag. Thriomaigh sé an tiúb agus chuir sé tuaslagán timpeall an phoill. Ghreamaigh sé paiste rubair den tiúb ansin. Tar éis tamaill chuir sé an tiúb ar ais sa bhonn arís. Theann sé an roth le **teannaire.** Ghabh Nóra buíochas leis agus d'imigh sí amach ag rothaíocht arís. Nuair a fuair sí airgead cheannaigh sí cloigín beag agus chuir sí ar na cluasa é. Bhuail sí an cloigín nuair a bhí sí ag druidim le cúinne. Cheannaigh sí ciseán freisin agus shocraigh sí os comhair na gcluas é. Nuair a d'imigh sí go dtí an siopa d'iompair sí na teachtaireachtaí sa chiseán.

### A. Foclóir

**diallait,** saddle
**troitheáin,** pedals
**cluasa,** handlebars
**bonn,** tyre
**bolgáin aeir,** (air) bubbles
**tuaslagán,** solution (adhesive)
**teannaire,** bicycle pump

### B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cá raibh Nóra ag rothaíocht nuair a polladh an roth?
   — ar shráideanna na cathrach.
   — i lár na coille.
   — faoin tuath.
   — cois farraige.
2. Cad a rinne Daidí leis an tiúb?
   — **Sháigh sé isteach i mbáisín uisce í.**
   — Chaith sé isteach i mbosca í.
   — Chuir sé san oigheann í.
3. Nuair a fuair sí airgead cad a cheannaigh Nóra dá rothar?
   — cluasa nua.
   — cloigín agus ciseán.
   — roth breise.
   — teannaire.

### C. Líon isteach na bearnaí:

1. Thriomaigh sé an tiúb agus chuir sé - timpeall an phoill.
2. Bhain sé an bonn den - agus thóg sé amach an -.
3. Ghabh Nóra - leis.
4. Chuir sí na cosa ar na -.
5. Rug sí greim ar na -.
6. D'iompair sí - sa chiseán.

### D. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:

1. Polladh an roth.
2. Dheisigh Daidí an roth di.
3. Nuair a bhíonn sí ag druidim le cúinne.
4. Ar an diallait.

### E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cathain a fuair Nóra an rothar?
2. Cén fáth a raibh eagle uirthi nuair a shuigh sí ar an rothar don chéad uair?
3. Conas d'aimsigh Daidí an poll sa tiúb?
4. Cad chuige an cloigín?
5. Cad a dhéanann Nóra leis an gciseán?
6. Conas a polladh an roth?

### Gramadach 8

1. Chuir sé **tuaslagán** timpeall an **phoill.**
   gaineamh/an bóthar, bainne/an bord, péint/an bád, dúch/an páipéar.
2. Ghabh Nóra buíochas leis.
   (mise, tusa, ise, sinne, sibhse, iadsan.)